



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2011

STAIR – GNÁTHLEIBHÉAL

RÉIMSE STAIDÉIR: AN NUA-AOIS, 1815 – 1993

Scrúdú Scríofa: 400 marc

Tuarascáil ar an Staidéar Taighde, seolta isteach roimh ré: 100 marc

DÉ CÉADAOIN, 15 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00 – 4.50

Treoracha d'iarrthóirí:

Freagair na Ranna 1, 2 agus 3 istigh.

- **Roinn 1 (100 marc)**

Ceist dhoiciméad-bhunaithe (Éire: Topaic 5)

Freagair gach cuid den roinn seo.

- **Roinn 2 (100 marc)**

Éire: Topaic 1, 2, 3, 4, 6.

Freagair topaic amháin as an roinn seo.

- **Roinn 3 (200 marc)**

An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 1, 2, 3, 4, 5, 6.

Freagair dhá thopaic as an roinn seo.

ROINN 1: CEIST DHOICIMÉAD-BHUNAITHE

Éire: Topaic 5

An pholaitíocht agus an tsochaí i dTuaisceart Éireann, 1949-1993

Cás-staidéar lena mbaineann na doiciméid:

Printísigh Dhoire

Déan staidéar ar na doiciméid thall agus freagair na ceisteanna thíos:

1.
 - (a) Cárb as a dtagann na Printísigh sa dá dhoiciméad, A agus B?
 - (b) Faoi mar atá luaite i ndoiciméad A, conas a bhí an aimsir?
 - (c) Faoi mar atá luaite i ndoiciméad A, cén t-imeacht a tharla maidin na máirseála?
 - (d) Faoi mar atá luaite sna doiciméid, A agus B, conas atá cuid de lucht na máirseála armáilte?
 - (e) Faoi mar atá luaite sna doiciméid, A agus B, cén cineál uirlisí a bhí á seinm ag bannaí ceoil na bPrintíseach?

(40)

2.
 - (a) An bhfuil na doiciméid, A nó B, ar aon intinn faoi conas atá cloigne na bPrintíseach gléasta? Mínigh do fhreagra.
 - (b) Cé acu doiciméad, A nó B, a thugann an tuiscint is fearr dúinn ar mhianach na bPrintíseach? Mínigh do fhreagra.

(20)

3.
 - (a) Ar thug an tseanmóir, a luaitear i ndoiciméad A, comhairle réasúnach? Mínigh do fhreagra.
 - (b) Cén buntaiste a bhaineann le foinse radharcach mar dhoiciméad B seachas le foinse scríofa mar dhoiciméad A?

(20)

4. Cén fáth a raibh gníomhaíochtaí na bPrintíseach mar fhoinse teannais i nDoire?

(20)

- Doiciméad A -

Léiriú a thug Fergus Pyle, don *Irish Times* (Baile Átha Cliath), ar mháirseáil Phrintísigh Dhoire, 12 Lúnasa 1967.

Thit báisteach a bhí thar a bheith trom i nDoire ar an Satharn, ach mháirseáil na Printísigh an bealach a bhí ceaptha dóibh lena gcuid meirgí ar foluain agus a gcuid bannaí ag lascadh amach na bhfonn traidisiúnta.

Bhí éidí traidisiúnta á gcaitheamh acu: babhlaeir agus saiseanna corcairdhearga agus bónaí móra chun a thaispeáint cén chéim atá ag lucht a gcaite sa chlub. Le hais na mbratacha, ar an dá thaobh, bhí fir ag máirseáil agus claimhte nochtta acu.

Ar maidin, d'fhreastail slua mór ar sheirbhís ag an ardeaglais chun éisteacht le seanmóir a mhol a bheith srianta i leith daoine a bhain le reiligiúin eile agus an oidhreacht Phrotastúnach a chosaint go diongbháilte.

Uaidh sin amach, bhí na sráideanna lán le fir agus iad ag máirseáil agus bhí an t-aer lán le ceol ó bhannaí airgid, cairdíní, píob agus fliúiteanna.

- Doiciméad B -

Grianghraf is ea é seo de mháirseáil Phrintísigh



ROINN 2: ÉIRE

Freagair na trí rannóg, A, B agus C, as ceann amháin de na topaicí thíos.

Éire: Topaic 1

Éire agus an tAontas, 1815-1870

A (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Sliocht is ea é seo as cur síos a rinne taistealaí Gearmánach, Jacob Veneday, ar theacht i láthair Dhónaill Uí Chonaill ag Cruinniú Reipéil Áth Luain ar an 15 Meitheamh 1843. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Anois d'ardaigh gáir nár chuala mé a leithéid riamh roimhe sin; anois ardaíodh gach hata san aer agus gháir an slua amach d'aon ghuth: 'Hurá! hurá! hurá! Fad saoil ag Ó Conaill! Fad saoil ag an bhFuascailteoir!'

Ghuigh céad míle glór na beannachtaí seo ar an bhfear ar bhailigh a chumhacht draíochta timpeall air féin iad. Shuigh sé ar shuíochán bosca carráiste a raibh ceithre chapall á tharraingt, agus rinne sé freagairt don bheannacht lena cheann, lena láimh agus lena chaipín.

Ní thuigim go dtí an lá atá inniu ann conas a rinne sé a bhealach, mar nach raibh spás ann do dhuine titim, ní áirim siúl. 'Fág an bealach don Fhuascailteoir!' an focal draíochta a bhain amach an t-iontas nach bhféadfaí a bhaint amach ar aon bhealach eile.

1. Cén áit agus cathain a tharla na himeachtaí a ndéantar cur síos orthu?
2. Cén leasainm ar Ó Conaill a luaitear sa sliocht?
3. Conas a d'fháiltigh an slua ollmhór roimh Ó Conaill nuair a tháinig sé i láthair?
4. Conas a rinne Ó Conaill é féin freagairt don fháilte ón slua?
5. Cé chomh maith agus a d'éirigh le feachtas Uí Chonaill ar son Reipéil?

B (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Tuath na hÉireann, 1815.
2. Cogadh na nDeachúna.
3. Tomás Dáibhéis.
4. Sionad Dhurlais, 1850.

C (40 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén chaoi ar thug Dónall Ó Conaill faoi Fhuascailt na gCaitliceach a bhaint amach idir 1823 agus 1829?
2. Cad a rinne daoine agus grúpaí príobháideacha chun cabhrú le híospartaigh an Ghorta?
3. Cad a chuir William Carleton agus/nó William Dargan le saol na hÉireann?
4. Cén pháirt a ghlac Charles Kickham agus/nó James Stephens i ngluaiseacht na bhFíníní?

Éire: Topaic 2
Gluaiseachtaí ar son leasú polaitíochta agus sóisialta, 1870-1914

A (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Déanann an sliocht leasaithe thíos plé ar an gcéad chluiche ceannais san iománaíocht ag an CLG. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Cúig fhoireann a bhí san iománaíocht don chéad chraobh na hÉireann san iománaíocht don bhliain 1887 – Gaillimh, Loch Garman, an Clár, Tiobraid Árann agus Cill Chainnigh. Tar éis moill mhór imríodh an cluiche ag Biorra, Domhnach Cásca, 1 Aibreán 1888. Chuaigh na foirne chun páirce agus duine is fiche gach aon taobh acu. D'imir na hiománaithe gan bhróg.

Roghnaíodh Biorra mar ionad ó tharla an baile a bheith neodrach agus áisiúil do na foirne ó Mhíleac agus ó Dhurlas, seaimpíní na Gaillimhe agus Tiobrad Árann.

Ag an deireadh bhí an bua ag Tiobraid Árann ar Ghaillimh: cúl agus cúilín amháin in aghaidh neamhni. Tomás Ó hÉilí ó Bhuiríos Léith a fuair an cúl - an chéad chúl ariamh i gcraobh na hÉireann – agus gaisce é sin do leabhar na gcuriarrachtaí.

Foinse: Brendan Fulham, *Hurling Giants*, Wolfhound Press, BÁC, 1994.

1. Cén áit agus cathain a imríodh cluiche ceannais na hÉireann san iománaíocht den chéad uair?
2. Céard a bhí neamhghnáthach maidir le gléasadh na n-imreoirí ar an lá sin?
3. Cé hiad na foirne iománaíochta a d'imir ar son na gcontaetha, Gaillimh agus Tiobraid Árann?
4. Cén churiarracht a rinne Tomás Ó hÉilí ar an lá sin?
5. Cén bhaint a bhí ag Micheál Ó Cíosóg leis an CLG?

B (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Michael Davitt.
2. Conradh na Gaeilge.
3. Leasuithe oideachais: scoileanna agus ollscoileanna.
4. John Redmond.

C (40 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén tábhacht a bhain le toghcháin na mblianta 1885 agus 1886?
2. Conas a lorg Isabella Tod agus/nó Hanna Sheehy Skeffington feabhsuithe do mhná?
3. Cad a chuir W.B. Yeats le hathbheochan chultúir a linne?
4. Cad ba chúis le stailc agus frithdhúnadh na bliana 1913 i mBaile Átha Cliath agus conas a tháinig deireadh leis?

Éire: Topaic 3
Ar thóir an fhlaithis agus tionchar na críochdheighilte, 1912-1949

A (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Is sliocht leasaithe é seo as craoladh a rinne tuairisceoir cogaidh, Ernst Von Kuhren, a d'eitil le scuadrán de chuid an Luftwaffe a bhua máil Béal Feirste ar an Domhnach, 4 Bealtaine 1941. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Is féidir liom a rá go fírinneach nach raibh mé in ann fianaise mo shúl a chreidiúint. Agus muid ag déanamh ar an tairgéal, bhíomar ag stánadh go ciúin isteach i muir lasracha nach raibh a leithéid feicthe ag aon duine dinn roimhe sin.

I mBéal Feirste ní raibh líon mór dóiteán, ach dóiteán ollmhór amháin a scaip ar fud cheantar an chalaídh agus an cheantair thionsclaíochta go léir.

Bhí na Sasanaigh tar éis cuid thábhachtach de na tionscail chogaidh a bhí acu a bhailiú le chéile anseo mar gur mhothaigh siad sábháilte, i bhfad ó thuaidh sa Tuaisceart. Bhí deireadh tagtha leis seo.

1. Cén fhianaise atá sa sliocht gur chuir a bhfaca sé ionadh ar von Kuhren?
2. Cén pháirt de Bhéal Feirste a ionsaíodh?
3. Cén fáth a raibh Béal Feirste tábhachtach mar thairgéal?
4. Cén cheacht a bheadh le foghlaim?
5. Cad a rinne rialtas na hÉireann i mBaile Átha Cliath i ngeall ar bhua máil Bhéal Feirste?

B (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Bille an Rialtais Dúchais, 1912-1914.
2. Pádraig Mac Piarais.
3. Toghchán na bliana 1918.
4. Richard Dawson Bates.

C (40 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén pháirt a ghlac Mícheál Ó Coileáin in idirbheartaíocht an Chonartha, Deireadh Fómhair-Nollaig, 1921, agus sna himeachtaí a tharla ina dhiaidh sin?
2. Cad iad na bealaí inar tháinig rath ar an Eaglais agus ar an Stát i ngeall ar an gComhdháil Chorp Chríost, 1932?
3. Conas a láimhseáil Éamon de Valera caidreamh Angla-Éireannach le linn an Dara Cogadh Domhanda?
4. Cén pháirt a ghlac James Craig i ngnóthaí Thuaisceart Éireann, mar Phríomh-Aire?

Éire: Topaic 4
Diaspóra na hÉireann, 1840-1966

A (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Sa phictiúr seo taispeántar imircí Éireannacha ag ullmhú chun dul trasna an Atlantaigh i ndiaidh an Ghorta. Déan staidéar air agus freagair na ceistanna ina dhiaidh.



1. Conas a rachaidh na himircigh trasna an Atlantaigh?
2. Luaigh ceann amháin de na ceannphointí atá ar taispeáint.
3. Cén fhianaise atá sa phictiúr go bhfuil teaghlaigh iomlána ag dul ar imirce?
4. An iad seo na daoine is boichte ar fad? Mínigh do fhreagra.
5. Cén fáth a ndeachaigh an oiread sin Éireannach ar imirce?

B (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gearr faoi cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Na Molly Maguires.
2. Eisimirce as Éirinn, 1920-1966.
3. An tArdeaspag Mannix.
4. Maureen O'Hara.

C (40 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén fáth a raibh tábhacht ag baint le Grosse Ile i stair na h-eisimirce as Éirinn?
2. Cad a chuir John Devoy le saol na nGaeil-Mheiriceánach?
3. Cén tionchar a bhí ag Éamon de Valera agus/nó Joe Kennedy ar Ghaeil-Mheiriceánaigh?
4. Cad iad na cuspóirí a bhí le misean an Spioraid Naofa go dtí an Nigéir, 1945-1966, agus cé chomh maith agus a d'éirigh leis na cuspóirí sin a bhaint amach ?

An rialtas, an geilleagar agus an tsochaí i bPoblacht na hÉireann, 1949-1989

A (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Is sliocht leasaithe é seo as measúnú a rinne ambasadóir na Breataine, Peter Clutterbuck, ar Sheán Lemass. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Tá a chuid tagairtí sa Dáil don chríochdheighilt curtha in iúl (léirithe) aige i dtéarmaí measartha. An t-ábhar dóchais is mó, b'fhéidir, nach raibh sé le tuiscint uaidh gurbh í an Bhreatain ba chúis leis an gcríochdheighilt agus gurbh í a bhí á coinneáil i bhfeidhm. Dealraíonn sé go n-aithníonn sé gur faoi Éireannaigh féin atá sé teacht ar chomhréiteach maidir leis seo. Is céim chun tosaigh é sin, cinnte.

Dúirt an tUasal Lemass féin go neamhbhalbh gur thuig sé go maith, agus é ag féachaint siar, go ndearna rialtas Bhaile Átha Cliath go leor botún, i ndáil leis an Tuaisceart. Bhí sé ag iarraidh iarracht a dhéanamh iad seo a chur ina gceart. Bhí sé go hiomlán mícheart, mar shampla, brú a chur ar an Tuaisceart. Dhéanfadh a leithéid de bhrú níos mó dochair ná maitheasa.

Foinse: Tom Garvin, *Judging Lemass*, Baile Átha Cliath, 2009

1. Cé a scríobh an measúnú seo?
2. Cén t-ábhar dóchais atá ag an scríbhneoir?
3. Cén sampla de na botúin a rinneadh, i ndáil le Tuaisceart Éireann, a luann an scríbhneoir le Lemass?
4. An raibh teagmháil dhíreach ag an scríbhneoir le Lemass? Cuir fáth le do fhreagra.
5. Cén ceannaire ó Thuaisceart Éireann ar mhalartaigh Lemass cuairteanna leis i 1965?

B (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. T.K. Whitaker.
2. Athruithe i gcúrsaí oideachais, sláinte agus leasa shóisialaigh.
3. Breandán Ó hEithir.
4. Éire agus na Náisiúin Aontaithe.

C (40 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén tionchar a bhí ag RTÉ ar shochaí na hÉireann idir 1962 agus 1972?
2. Cad a bhain Seán Ó Loinsigh amach mar Thaoiseach?
3. An bac nó buntaiste a bhí inár mballraíocht den CEE ar iascach na hÉireann? Mínigh do fhreagra.
4. Cén tionchar a bhí ag Garrett FitzGerald agus/nó Sylvia Meehan ar ghnóthaí na hÉireann?

ROINN 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR
Freagair na trí rannóg, A, B agus C, as dhá cheann de na topaicí thíos.

An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 1
An náisiúnachas agus foirmiú stát san Eoraip, 1815-1871

A (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Sliocht is ea é seo as cur síos a rinne Robert Owen ar mhúineadh naíonán ag a scoil in New Lanark. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Ní chuirfí as do na páistí le leabhair ach mhúinfi úsáid agus nádúr na nithe coitianta ina dtimpeall dóibh ionas go meallfaí iad chun ceisteanna a chur fúthu.

Bhí an seomra scoile maisithe le pictiúir, d'ainmhithe den chuid is mó, le léarscáileanna, agus is minic a bhí nithe nádúrtha ar fáil ann ó na gairdíní, na páirceanna agus na coillte. Mhúscail siad seo a gcuid fiosracha agus chruthaigh siad comhrá briomhar idir na páistí agus a gcuid múinteoirí.

Léirigh na páistí a bhí ceithre bliana d'aois agus níos sine go raibh an-fhonn orthu tuiscint a fháil ar úsáid na léarscáileanna den domhan a bhí crochta sa seomra chun go dtarraingeofaí a n-aird orthu.

Ba mhór an spreagadh an dul chun cinn a rinne na páistí seo maidir le fioreolas a fháil gan feidhm a bhaint as leabhair. Sa todhchaí, ní dóigh liom go mbainfear feidhm as leabhair in aon chor sula mbeidh páistí trí bliana déag d'aois.

Foinse: www.infed.org/thinkers

1. Cá raibh an scoil a ndéanann Robert Owen cur síos uirthi?
2. Conas a bhí súil ag Robert Owen páistí óga a mhealladh chun ceisteanna a chur faoina dtimpeallacht?
3. Cén fhianaise atá ann nár aontaigh Owen le leabhair chun páistí óga a mhúineadh?
4. Cén tionchar a bhí ag léarscáileanna den domhan a bheith ar taispeánt ar na páistí sa seomra ranga?
5. Cad a chreid Owen maidir le disciplín do pháistí scoile?

B (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Clemens Metternich.
2. Seirfeachas sa Rúis.
3. Páras Haussmann.
4. Napoléon III.

C (40 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cad iad na freagraí a bhí ag Karl Marx ar fhadhbanna na sochaí lena linne?
2. Cén fáth ar theip ar Réabhlóid 1848 sa Ghearmáin?
3. Cén ról a d'imir Feargus Ó Conchubhair agus/nó Robert Peel i ngnóthaí na Breataine?
4. Cén ról a d'imir Giuseppe Mazzini agus/nó Otto von Bismarck in aontú a thír?

An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 2
Náisiúnstáit agus teannas idirnáisiúnta, 1871-1920

A (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Is sliocht leasaithe é seo as agallamh a thug Wilhelm II don *Daily Telegraph*, i 1908, le linn dó a bheith ar cuairt chun na Breataine. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

- *Tá sibhse a Shasanaigh glan as bhur meabhair, glan as bhur meabhair.*
- *Tá sé fógartha agam gurb í an tsíocháin is mian le mo chroí. Ach iarrann bhur nuachtáin ar an bpobal diúltú do mo chuid cairdis.*
- *Tá tráchtáil (trádáil) dhomhanda ag an nGearmáin atá ag leathnú go tapa. Ní mór don Ghearmáin cabhlach láidir a bheith aici, chun an tráchtáil sin a chosaint, fiú sna farraigi is faide i gcéin.*

1. Conas a mhaslaíonn Wilhelm II na Sasanaigh?
2. Cén fáth a gcáineann Wilhelm II na nuachtáin i Sasana?
3. Cad a mhaítear maidir le tráchtáil na Gearmáine?
4. Dar le Wilhelm II, cén fáth a dteastaíonn cabhlach láidir ón nGearmáin?
5. Conas a ghníomhaigh an Bhreatain i gcoinne an pholasaí chabhlaigh a bhí ag Wilhelm II?

B (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Teaghlach Krupp.
2. An Pápa Leo XIII.
3. Mná sa líon saothair le linn an Chéad Chogadh Domhanda.
4. Woodrow Wilson agus an Eoraip.

C (40 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cad iad na céimeanna a ghlac Otto von Bismarck maidir le polasaí eachtrach nó maidir leis an gcaidreamh idir an Eaglais agus an Stát sa Ghearmáin?
2. Cad iad na príomhfhorbairtí a bhain le haireagán agus le stair luath an ghluaisteáin?
3. Cad a d'fhoghlaim tú faoin gCéad Chogadh Domhanda ó do staidéar ar Wilfred Owen?
4. Cén tábhacht a bhain le Marie Curie agus/nó Rosa Luxemburg?

An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 3
Deachtóireacht agus daonlathas san Eoraip, 1920-1945

A (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Sa sliocht leasaithe seo as *The Road to Wigan Pier* (1937) scríobhann George Orwell faoin mBreatain sna blianta idirchogaidh. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Nuair a chonaic mé fir a bhí dífhostaithe i ngar dom den chéad uair, chuir sé uafás agus alltacht orm go raibh náire ar go leor díobh go raibh siad dífhostaithe.

Bhí lucht na meánaicme ag caint fós faoi ‘leadaithe leisciúla díomhaoine ar an dól’ agus ag rá ‘go bhféadfadh na fir seo ar fad obair a fháil dá mbeadh sí uathu’. Gan dabht tháinig na tuairimí seo anuas chomh fada leis an gcosmhuintir féin.

Is cuimhin liom an gheit uafáis a baineadh asam, nuair a mheasc mé le bacaigh agus le lucht déirce ar dtús, a fháil amach gur mhianadóirí óga agus oibrítthe cadáis a bhí cneasta ba ea cuid mhaith de na daoine seo – an ceathrú cuid b’fhéidir – ar cuireadh ina luí orm roimhe seo gur chóir dom féachaint orthu mar dhiúgairí ciniciúla (daoine a mhaireann ar dhaoine eile).

1. Cad a chuir ‘uafás agus alltacht’ ar an scríbhneoir?
2. Luaigh cáineadh amháin a rinneadh orthu siúd a bhí dífhostaithe.
3. Cén bharúil a bhí ag an scríbhneoir de bhacaigh agus de lucht déirce i dtús báire?
4. Cad a fuair an scríbhneoir amach faoi bhacaigh agus faoi lucht déirce?
5. Iad siúd a d’eagraigh Máirseáil Jarrow, Deireadh Fómhair 1936, céard leis a bhíodar ag súil?

B (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Vladimir Ilyich Lenin.
2. An caidreamh idir an Eaglais agus an Stát san Iodáil faoi Mhussolini.
3. Stát Vichy sa Fhrainc, 1940-1945.
4. Teicneolaíocht cogaíochta.

C (40 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén fáth ar chuir Stalin seó-thrialacha ar bun agus cé chomh mór agus a d’éirigh leo an toradh a bhí ag teastáil uaidh a bhaint amach?
2. Conas a bhainistigh Adolf Hitler an polasaí eachtrach suas go dtí tús na troda sa Dara Cogadh Domhanda?
3. Cad a chuir Winston Churchill agus/nó J.M. Keynes le saol na Breataine?
4. Cad a chuir Charlie Chaplin agus/nó Bing Crosby le cúrsaí siamsaíochta?

An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 4
Easaontas agus ath-ailíniú san Eoraip, 1945-1992

A (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Baineann an pictiúr seo le hÉirí Amach na hUngáire a spreag freagra ón Rúis nuair a d'ionsaigh tancanna Rúiseacha (a dtaispeántar ceann díobh thíos) Budapest ar maidin an 4 Samhain 1956. Déan staidéar air agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.



1. Cár tharla an t-imeacht a thaispeántar agus cathain a tharla sé?
2. Cén fhianaise ar choinbhleacht a chuireann an pictiúr ar fáil?
3. An raibh trodaíocht ar siúl nuair a tógadh an grianghraf? Mínigh do fhreagra.
4. Cén fáth go bhfuil a laghad sin daoine ar an tsráid?
5. San bhliain 1956, ar cén taobh den Chuirtín Iarainn a raibh Budapest suite: Thoir nó Thiar?

B (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Aertharlú Bheirlín, 1948-1949.
2. Alexander Solzhenitsyn.
3. Simone de Beauvoir.
4. John Lennon.

C (40 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén cheannaireacht a chuir Nikita Krushchev ar fáil, sa bhaile agus/nó thar lear?
2. Cén tionchar a bhí ag Géarchéim na hOla, 1973, ar an tsochaí agus ar an ngeilleagar san Eoraip?
3. Cén pháirt a d'imir duine amháin nó níos mó díobh seo a leanas i ngnóthaí na hEorpa: Jean Monnet; Margaret Thatcher; Jacqus Delors?
4. Cén tábhacht stairiúil a bhain le Dara Comhairle na Vatacáine?

An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 5
Cúlú na hEorpa ó impireachtaí agus an toradh, 1945-1990

A (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Léiríonn an sliocht leasaithe seo an foréigean a bhain le haistarraingt na Breataine as an India. Sa sliocht déanann Niranyan Singh (Saíceach) cur síos ar imeacht, sa Phuirseib, a chuir iallach air teitheadh go Deilí Nua. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Maidin amháin bhailigh Moslamaigh ó na ceantair ar fad máguaird timpeall ar an sráidbhaile agus d'ionsaigh siad é. Ach cé go raibh líon níos mó díobhsan ann choinníomar uainn iad ar feadh ocht n-uaire an chloig. Ní raibh againne ach ár gcuid cíorpán (claimhte) agus cúpla seanraidhfil. Bhí airm nua-aimseartha acusan.

Nuair a bhris siad tríd faoi dheireadh, ní raibh duine dinn nach raibh leonta ar bhealach éigin. Mharaigh na brútaí m'athair a bhí nócha bliain d'aois agus nuair a chuaigh mo mhac óg i gcabhair air, mharaigh siad le sleá é.

Bhí mo chlár éadain féin leonta agus mé leathdhall ag fuil a bhí ag stealladh as. D'ionsaigh Moslamach óg meata ó mo chúil mé le tua agus leon sé sa chois mé.

1. Cá raibh Niranyan Singh nuair a rinneadh ionsaí air agus cén áit ar theith sé chuici?
2. Cé acu ab fhearr a bhí armáilte, na hionsaitheoirí nó na cosantóirí? Tabhair míniú gearr ar do fhreagra.
3. Cén gortú a bhain do Singh?
4. Cén dearcadh a bhí ag Singh orthu siúd a d'ionsaigh é? Tabhair míniú gearr ar do fhreagra.
5. Cén fáth ar fhág an Bhreatain an India i 1947?

B (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Mohandas Gandhi.
2. Gamal Abdul Nasser agus Géarchéim Shuais, 1956.
3. Charles de Gaulle agus aistarraingt na Fraince ón impireacht.
4. Nadine Gordimer.

C (40 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén ról a ghlac Ho Chi Minh agus/nó Achmad Sukarno i ngnóthaí a thíre?
2. Cén fáth a ndearna Katanga iarracht dealú ón gCongó, 1960-1965, agus cén chaoi ar chuir páirtithe leasmhara ón iasacht a ladar sa scéal?
3. Le linn na tréimhse 1945-1990, cad iad na príomhfhadhbanna sóisialta agus eacnamaíochta a bhí ag an Afraic?
4. Conas a bhain an Bhreatain agus/nó an Fhrainc ilchiníochas amach le linn na tréimhse 1945-1990?

An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 6
Na Stáit Aontaithe agus an domhan, 1945-1989

A (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Sliocht is ea é seo as an aitheasc deireanach a thug Lyndon Johnson, mar Uachtarán, faoi Staid an Aontais, 1969. Léigh é agus freagair na ceistanna ina dhiaidh.

Ní heol d'aon duine agaibh cé chomh mór agus is oth liom nárbh fhéidir an tsíocháin a chur i réim arís i Vítneam Theas. Is é mo thuairim gur mó an seans atá anois ann go mbeidh an tsíocháin i réim ná ag aon am ó thosaigh Vítneam Thuaidh ar a n-ionradh lena bhfórsaí rialta níos mó ná ceithre bliana ó shin.

Na náisiúin san Áise a bhfuil saoirse acu, tá eolas anois acu nach raibh siad cinnte faoi ag an am sin: gur mór ag Meiriceá a saoirse, agus gur mór aige freisin leas bunúsach Mheiriceá san Áise agus ar fud limistéar an Aigéin Chiúin. Tá a fhios ag Vítneam Thuaidh nach féidir leis a chuspóirí ionsaitheacha a bhaint amach le lámh láidir. D'fhéadfadh sé go mbeadh troid ghéar ann sula dtiocfar ar shocrú; ach geallaim daoibh nach mbeidh an lámh in uachtar ag cúis an Chumannachais sa troid sin.

Ní féidir liom labhairt libh anocht faoi Vítneam gan ómós an-phearsanta a léiriú do na fir atá ag troid an chatha ansin ar ár son ar fad. Ba mhór an onóir dom a bheith mar Ardcheannasaí orthu. Tá tacaíocht iomlán an náisiúin dlite dóibh fad agus atá an cath á throid – agus buíochas síoraí nuair a bheidh a gcuid seirbhíse tugtha acu.

1. Cén seans atá ann anois go mbeidh síocháin i Vítneam Theas, dar le Johnson?
2. Cad atá ar eolas anois ag náisiúin na hÁise, a bhfuil saoirse acu, faoi Mheiriceá?
3. Cad atá foghlamtha ag Vítneam Thuaidh ó dhul chun cinn an chogaidh go dtí seo?
4. Cad iad an dá rud atá dlite ag Stáit Aontaithe Mheiriceá dá gcuid saighdiúirí i Vítneam?
5. Cé a tháinig i gcomharbas ar Johnson mar Uachtarán na Stát Aontaithe?

B (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Joe McCarthy agus “an scanradh roimh an dearg”.
2. Géarchéim na nDiúracán i gCúba.
3. Détente, SALT agus Star Wars.
4. Norman Mailer.

C (40 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cad a bhain Harry Truman amach mar Uachtarán na Stát Aontaithe?
2. Cad a d'fhág ar chumas na Stát Aontaithe tuirlingt ar an ngealach?
3. Cad a chuir Marilyn Monroe agus/nó Muhammad Ali le cultúr Mheiriceá?
4. Cad a chuir Billy Graham le cleachtadh creidimh sna Stát Aontaithe?

Leathanach Bán

Leathanach Bán